# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH 2006 – MAIDIN 9.30 r.n. – 12.00 nóin

## ROINN B

**(160 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóilíónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Is Ceist Bhuiséad Teaghlaigh í seo.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Ar *leathanach 9 de Roinn A* tá foirm Bhuiséid do mhuintir Mhig Uidhir don bhliain 2007. Tá an fhoirm páirt-chomhlánaithe. Iarrtar ort na figiúirí a líonadh isteach sna colúin 'Meastachán Aibreán - Nollaig' agus 'Iomlán don Bhliain' chun an fhoirm sin a chomhlánú. Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh:

- Tá súil ag Tom le hardú céime i mí Iúil agus beidh ardú 30% ar a thuarastal ó 1 Iúil dá bharr sin.
- Tá súil ag Bríd le €350 sa bhreis a thuilleamh ar ragobair i mí Lúnasa agus gheobhaidh sí bónas Nollag de €500 i mí na Nollag.
- Tá súil ag muintir Mhig Uidhir €2,000 a fháil i bhfoirm díbhinní i mí na Bealtaine.
- Tiocfaidh méadú €27 sa mhí ar an morgáiste ó 1 Meitheamh.
- Beidh an iasacht gluaisteáin íoctha go hiomlán tar éis íocaíocht mhí Lúnasa.
- Ta árachas tí iníoctha go míosúil agus tiocfaidh laghdú 20% air ó 1 Meitheamh.
- Fanfaidh costais teaghlaigh ar an leibhéal céanna, ach amháin i mí Lúnasa, nuair a thiocfaidh laghdú 50% orthu.
- Meastar gur €850 a chosnóidh solas agus teas sa dá mhí dhéag (Eanáir-Nollaig 2007).
- Meastar go mbeidh costas €70 in aghaidh na míosa ar an bhfón póca ó 1 Aibreán, agus costas €100 gach dara mí ar an bhfón baile ó 1 Bealtaine.
- Tá súil acu go bhfanfaidh costais reatha gluaisteáin ar an leibhéal céanna gach mí.
- Tá socraithe ag Tom agus Bríd dul go dtí an Fhrainc ar saoire, rud a chosnóidh €2,500. Caithfear an fuílleach a íoc i Iúil.
- Tá súil ag an teaghlach €150 a chaitheamh ar bhronntanais i mí Iúil agus €450 eile i mí na Nollag.
- Níl a thuilleadh maisiú tí pleanáilte do 2007. (30)

**(B)** Freagair na ceisteanna seo a leanas sna spásanna atá curtha ar fáil ar *leathanach 10 de Roinn A*:

**(i)** Mínigh an téarma 'Díbhinní' i mBuiséad mhuintir Mhig Uidhir.

**(ii)** Ag deireadh Márta 2007, cad é iarmhéid deiridh an airgid thirim a bhfuil súil ag muintir Mhig Uidhir leis?

**(iii)** Tá iarmhéid deiridh an airgid thirim a raibh súil leis tar éis athrú ó Fheabhra go Márta. Mínigh **dhá** mhórchúis atá leis an athrú sin.

**(iv)** Sainaithin modh **amháin** chun déileáil leis an staid shealadach sin ag deireadh an Mhárta.

(10)
**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo ar Chuntas Club agus ar Theicneolaíocht na Faisnéise.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Bhí stoc tosaigh de €4,500 ag Club Leadóige Chill Airne ina shiopa ar an 1 Meitheamh 2005.
Seo thíos achoimre de bhearta airgeadais an Chlub don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2006:

| **Fáltais:** | **€** |
|---|---|
| Síntiúis | 30,600 |
| Díolacháin sa Siopa | 20,000 |
| Fáltais Disco | 6,750 |
| | |
| **Íocaíochtaí:** | **€** |
| Ceannacháin don Siopa | 10,500 |
| Speansais Disco | 3,750 |
| Solas agus Teas | 4,460 |
| Cúram Cúirteanna | 3,900 |
| Pá Airígh | 6,500 |
| Ús ar Iasacht | 4,000 |
| Árachas | 6,890 |
| Ceannach Fearais | 10,000 |

Eolas breise ar an 31 Bealtaine 2006:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc Siopa | €3,080 |
| (ii) | Árachas réamhíoctha | €95 |
| (iii) | Síntiúis réamhíoctha | €350 |
| (iv) | Ús Iasachta iníoctha | €150 |
| (v) | Fearas le dímheas de 15%. | |

**(A)** Ullmhaigh:

**(i)** Cuntas Trádála Siopa don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2006.

**(ii)** Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Bealtaine 2006. (28)

**(B)** Ag an CGB (AGM) mhol an t-oifigeach chlub, a ullmhaíonn na cuntais, gur gá ríomhaire a cheannach agus na cuntais a ríomhairiú.

**(i)** Sainaithin an t-oifigeach a ullmhaíonn na cuntais i gclub.

**(ii)** Mol ríomhchlár oiriúnach **amháin** chun cuntais a ullmhú ar ríomhaire.

**(iii)** Luaigh agus mínigh **dhá** fhoinse airgeadais ar féidir le Club Leadóige Chill Airne úsáid a bhaint astu chun an ríomhaire a fháil. (12)

**(40 marc)**

**3.** **Ceist í seo a bhaineann le Tosca Táirgthe, Fás Geilleagrach agus Trádáil.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** I ngeilleagar ar bith, tá tosca táirgthe ag teastáil chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh.

Ainmnigh na **ceithre** thoisc tháirgthe agus an luach saothair/íocaíocht a ghabhann le gach ceann díobh. (8)

**(B)** Le blianta anuas tá leibhéal ard d'fhás geilleagrach bainte amach ag mórán tíortha.

**(i)** Mínigh an téarma 'fás geilleagrach'.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhronnann fás geilleagrach ar thír.

**(iii)** Ó na sonraí seo a leanas, ríomh an céatadán d'fhás geilleagrach ag tír áirithe ó 2004 go 2005. Taispeáin do chuid oibre.

| | **€** |
|---|---|
| 2004 | 800 milliúin |
| 2005 | 850 milliúin |

(10)

**(C)** **(i)** Mínigh an difríocht idir allmhairí sofheicthe agus allmhairí dofheicthe agus tabhair sampla **amháin** i ngach cás.

**(ii)** Baineann na sonraí seo a leanas le trádáil idirnáisiúnta tíre áirithe sa bhliain 2005:

| | **€** |
|---|---|
| Allmhairí Sofheicthe | 400 milliúin |
| Onnmhairí Dofheicthe | 620 milliúin |
| Onnmhairí Sofheicthe | 540 milliúin |
| Allmhairí Dofheicthe | 260 milliúin |

**(a)** Ó na sonraí thuas, ríomh an Comhardú Trádála agus Comhardú na nÍocaíochtaí. Taispeáin do chuid oibre.

**(b)** Luaigh i **ngach** cás cé acu comhardú barrachais nó comhardú easnaimh é.

**(iii)** **(a)** Mínigh an téarma 'ionadú allmhairí'.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar thoradh **amháin** a bhíonn ag ionadú allmhairí ar Chomhardú Trádála tíre.

(22)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Daoine ag Obair agus Caidreamh Tionsclaíoch.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Ar an 24 Bealtaine 2006, thosaigh Séamas Ó Domhnalláin ar a phost nua mar dhíoltóir le Ó Conalláin Tta. Ar an gcéad lá aige sa phost, fuair sé cuireadh ó ionadaí áitiúil an cheardchumainn bheith ina bhall den cheardchumann ar eagla go mbeadh conspóid aige lena fhostóir.

**(i)** Cén teideal a úsáidtear, de ghnáth, chun an t-ionadaí áitiúil ceardchumainn in Ó Conalláin Tta a aithint? Tabhair breac-chuntas ar **dhá** sheirbhís is féidir leis an duine sin a dhéanamh do Shéamas.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis go mb'fhéidir go mbeadh conspóid ag Séamas le Ó Conalláin Tta.

**(iii)** Sainaithin **trí** chéim i bhfuascailt conspóide tionsclaíche le Ó Conalláin Tta.

(24)

**(B)** Íocann Ó Conalláin Tta bunphá seachtainiúil móide coimisiún le Séamas. Faigheann an fhoireann shinsearach sochar comhchineáil ón gcomhlacht chomh maith.

**(i)** Mínigh an téarma 'coimisiún'.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhí-bhuntáiste **amháin** do Shéamas as bunphá seachtainiúil móide coimisiún a bheith á n-íoc leis.

**(iii)** Mínigh an téarma 'sochar comhchineáil' agus tabhair **dhá** shampla.

(16)

**(40 marc)**

**5.** **Is Ceist í seo ar Árachas.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Ar an 1 Marta 2006, goideadh ríomhaire glúine agus clóire Phádraigín de Paor, 14 Bóthar na Mara, Cathair na Mart, le linn di bheith ag obair i Mala. Thug sí tuairisc ar an ngadaíocht an lá céanna don Garda Seán Ó Cathasaigh sa Stáisiún Gardaí áitiúil. D'inis sí dó gur cheannaigh sí an ríomhaire agus an clóire ar an 24 Feabhra 2006 nuair a thosaigh sí ag obair ina post nua mar ionadaí díolacháin. Árachaíodh an ríomhaire glúine ar €2,000 agus an clóire ar €500 le hÁrachas Uí Dhúgáin Tta (Uimh. Pholasaí 050926DM).

Ar an 5 Marta 2006, chomhlánaigh Pádraigín foirm éilimh dá comhlacht árachais.

**(i)** Comhlánaigh an Fhoirm Éilimh d'Árachas Uí Dhúgáin Tta. Bain úsáid as an doiciméad bán ar *leathanach 11 de Roinn A*.

**(ii)** Cé mhéad cúitimh atá Pádraigín i dteideal a fháil?

**(iii)** Luaigh agus mínigh an prionsabal árachais is mó a bhaineann leis an méid cúitimh a gheobhaidh sí.

**(iv)** Luaigh agus mínigh prionsabal árachais **amháin** eile a bheadh ábhartha leis an gcás seo.

(23)

**(B)** Is mian le Caoimhín Mac Cárthaigh árachas a chur ar a theach teaghlaigh ar fiú €200,000 é agus ar inneachar an tí ar fiú €60,000 é. Faigheann sé luachan €15 ar €10,000 don teach agus €19 ar €5,000 don inneachar. Socraíonn Caoimhín ar an teach a árachú ar €150,000 agus an t-inneachar ar a fhíorluach iomlán.

**(i)** Ríomh an phréimh árachais a bheidh le híoc ag Caoimhín. Taispeáin do chuid oibre.

**(ii)** Cén teideal atá ar an duine i gcomhlacht árachais a ríomhann an phréimh?

**(iii)** Dá dtarlódh dóiteán a dhéanfadh damáiste €60,000 don teach agus damáiste €10,000 don inneachar, ríomh an méid cúitimh a bheadh Caoimhín i dteideal a fháil. Taispeáin do chuid oibre agus mínigh do fhreagra.

(17)

**(40 marc)**

**6.** **Ceist í seo a bhaineann le Baincéireacht agus le hIasacht.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Tá sé beartaithe ag Eibhlín Ní Dhuibhir, múinteoir a chónaíonn sa Tulach Mhór, gur cheart di roinnt airgid a choigilt, agus roghnaigh sí Cuntas Taisce a oscailt leis An bPost. Cuireann an t-airgeadóir in iúl di go mbeidh uirthi cáin a íoc ar an ús a thuillfear.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rud a ndearna Eibhlín machnamh orthu, b'fhéidir, sular bheartaigh sí coigilt leis An bPost.

**(ii)** Ainmnigh an cháin atá le híoc ar an ús a thuillfidh Eibhlín.

**(iii)** Sainaithin **dhá** riachtanas dhleathacha ar leith atá le comhlíonadh ag Eibhlín agus í ag oscailt cuntas taisce leis An bPost.

**(iv)** Seachas Cuntais Taisce, ainmnigh **dhá** mhodh eile coigiltis ag An bPost atá ar fáil d'Eibhlín.

(18)

**(B)** Ar an 10 Marta 2006, chuaigh Eibhlín Ní Dhuibhir isteach go dtí Taisteal Wogan Tta chun saoire a chur in áirithe. D'íoc sí éarlais €300 le seic, agus chrosáil é chun é a dhéanamh chomh slán sábháilte agus ab fhéidir.

Comhlánaigh an Seic agus an Comhdhuille ar *leathanach 11 de Roinn A*. (6)

**(C)** Is mian le Tom, deartháir Eibhlín, iasacht a fháil chun roinnt fearas tí a chosnaíonn €6,000 a cheannach. Tá na roghanna seo a leanas aige:

Rogha 1: Fruilcheannach: Éarlais €400 agus 36 gála de €215 an ceann.

Rogha 2: Iasacht: €6,000 ar 7.5% RBÚ(APR) ar feadh 3 bliana, agus méid na hiasachta ag laghdú de réir €2,000 **gach** bliain.

**(i)** Ríomh costas iomlán **gach** rogha. Taispeáin do chuid oibre.

**(ii)** Cé acu rogha díobh a mholfá? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

(16)

**(40 marc)**

Leathanach Bán